# Nótaí ar "THRIALACHA COTHROMA" & Dea-Nósanna Eolaíochta!

| | |
|---|---|
| **Cad is TRIAIL CHOTHROM ann?** | Mar thoradh ar cheisteanna déantar go leor turgnaimh a chruthú. Má tá turgnamh eolaíochta á leagan amach agat tá sé an-tábhachtach go gcuirtear an cheist; **an "triail chothrom" í seo?**<br>Is fearr sampla a úsáid chun coincheap a bhaineann le triail chothrom a thuiscint... Samhlaigh gur chuir do rang an cheist; "An nglanann an púdar níocháin seo smáil chomh maith céanna le huisce fuar agus le huisce te (mar a mhaítear go minic)?" Chun go dtabharfaidh turgnamh faisnéis bhríoch duit ní mór duit é a leagan amach sa chaoi is gurb í teocht an uisce **an t-aon fhachtóir** a d'fhéadfadh a bheith mar chúis ar dhifríocht sa toradh. Ag céim an leagan amach, caithfear leanaí a spreagadh chun na rudaí go léir a chaithfidh siad smacht a choinneáil orthu agus a choinneáil mar an gcéanna a aithint ("**athróga**") gach uair a thástálann siad saintréithe smálghlantóireachta an phúdair níocháin ag teocht ar leith. Sa chás seo gach uair a thástálann siad an púdar is gá dóibh an cineál céanna éadaigh atá á níochán a úsáid, an méid céanna púdar níocháin a úsáid, an méid céanna uisce a úsáid, an t-éadach a láimhseáil/sciúradh ar an mbealach céanna, agus an cineál céanna smál a bheith san áireamh. Má dhéanann siad é seo is féidir leo a rá go ndearna siad "triail chothrom" agus gur de bharr athrú ar theocht an uisce amháin a thagann athrú ar bith ar fheidhmíocht an phúdair níocháin. D'fhéadfaidís an turgnamh a leathnú freisin chun cineálacha éagsúla smáil agus brandaí éagsúla púdar níocháin a thástáil, ach chaithfí an cur chuige céanna a ghlacadh taobh istigh de gach grúpa turgnaimh. |
| **Cad a tharlóidh mura féidir leat TRIAIL CHOTHROM a dhéanamh le do thurgnamh?** | I gcásanna ar leith b'fhéidir nach mbeadh tú in ann "triail chothrom" a dhéanamh. Tarlaíonn sé seo toisc nach bhfuil sé praiticiúil duit na hathróga go léir a rialú (m.sh. na coinníollacha aimsire ar laethanta éagsúla) NÓ toisc nach n-oireann do cheist do phlean turgnamhach ina bhfuil brí dáiríre leis an smaoineamh. Mar shampla, d'fhéadfadh do rang tús a chur lena gcuid imscrúduithe ag fiafraí... "Cad é an luas is fearr gur féidir le péist a bhaint amach?" Beidh ort bealaí turgnamhacha a leagan amach chun luas péisteanna a thomhas ach níl uait ach eolas a bheith agat ar an **luas is airde** inbhraite mar sin ní gá aon athróga sa chiall a thuairiscítear thuas a rialú. Mar sin, i gcás na dturgnamh seo, ní féidir leat iarraidh ar na páistí a mhíniú conas ar fhorbair siad "triail chothrom". |
| **Déan do thurgnaimh arís..** | Cuireann eolaithe maithe tuilleadh lena dtorthaí trína gcuid turgnaimh féin a dhéanamh arís nó trí ghrúpaí éagsúla dul ina mbun. Má thagann siad ar an toradh céanna láidríonn sin an dearbhú gur féidir brath ar na torthaí. Is é seo ceann de cháilíochtaí móra na n-eolaíochtaí; caithfear a bheith ábalta na torthaí céanna a fháil arís chun go nglacfar leis. Más uimhir nó tomhas toradh do thurgnaimh (do ranganna níos sine) is dea-chleachtas é an turgnamh sin a athdhéanamh agus meánthoradh a ríomh. |
| **Maidir le hearráidí.** | Mholfadh muid an rang a spreagadh chun súil ghéar a chaitheamh ar a gcuid gníomhartha. Bíonn fadhbanna nó míchruinneas ag baint le gach turgnamh agus suirbhé agus is rud maith é seo a phlé go hoscailte. Má thaispeánann an turgnamh / tomhas a deineadh arís go leor éagsúlachta, cad a insíonn sé sin duit faoin turgnamh nó an cheist atá á fiosrú agat? |